Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**9701/26**

**EF 160**
**ECOFIN 674**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 3226 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 21.5.2026 lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála chun cód iompair de chuid an Aontais a bhunú le haghaidh taighde eisitheoir-urraithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 3226 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 3226 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.5.2026
C(2026) 3226 final

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

**an 21.5.2026**

**lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála chun cód iompair de chuid an Aontais a bhunú le haghaidh taighde eisitheoir-urraithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá taighde infheistíochta fíor-riachtanach chun infheictheacht a sholáthar d'infheisteoirí i dtaca le cuideachtaí, go háirithe cuideachtaí beaga, chun bonn eolais a chur faoina gcinntí infheistíochta. Go dtí seo, tá leibhéal cumhdaigh an taighde infheistíochta ar chuideachtaí, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), fós íseal san Aontas. D'ainneoin leasuithe ar Threoir 2014/65/AE[1] ('MiFID II') a tugadh isteach le Treoir (AE) 2021/338[2] ('an pacáiste téarnaimh um margaí caipitil') chun forbairt níos mó taighde ar FBManna a spreagadh, tá laghdú leanúnach ag teacht ar thaighde infheistíochta san Aontas. Ar an ábhar sin, le Treoir (AE) 2024/2811 [3] (cuid de phacáiste an 'Ghnímh um Liostú'), leasaíodh MiFID II chun úsáid taighde a spreagadh a thuilleadh trí (i) níos mó solúbthachta a thairiscint maidir leis an gcaoi ar féidir le gnólachtaí infheistíochta íoc as taighde infheistíochta agus seirbhísí forghníomhaithe agus (ii) táirgeadh taighde infheistíochta ardcháilíochta eisitheoir-urraithe a chur chun cinn (i.e. taighde infheistíochta a n-íocann cuideachtaí as). Go dtí seo, níor forbraíodh taighde infheistíochta eisitheoir-urraithe san Aontas toisc nár measadh go raibh sé oibiachtúil go leor. Is é is cúis leis sin an riosca nach ndéanfar coinbhleachtaí leasa a bhainistiú i gceart idir na cuideachtaí a chumhdaítear leis an taighde agus soláthraithe an taighde sin.

Le Treoir (AE) 2024/2811, tugtar de chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála a ghlacadh a d'fhorbair an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) le haghaidh cód iompair de chuid an Aontais le haghaidh taighde eisitheoir-urraithe[4]. Is é is cuspóir do na caighdeáin theicniúla rialála sin spleáchas níos leithne ar thaighde ardcháilíochta eisitheoir-urraithe a spreagadh, agus san am céanna an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir rialáil agus deireadh a chur le bacainní d'eisitheoirí.

Leis na caighdeáin theicniúla rialála, ceanglaítear ar ghnólachtaí infheistíochta, sula n-úsáideann siad taighde eisitheoir-urraithe nó sula ndáileann siad ar a gcliaint é, measúnú a dhéanamh ar dtús ar cé acu a táirgeadh nó nár táirgeadh an taighde sin i gcomhréir le rialacha an Aontais maidir le hiompar gnó (cód iompair an Aontais le haghaidh taighde eisitheoir-urraithe). Áirithítear leis na caighdeáin theicniúla rialála freisin nach n-úsáidtear an lipéad 'taighde eisitheoir-urraithe' ach amháin le haghaidh taighde infheistíochta as a n-íocann an chuideachta lena mbaineann an taighde sin agus a ullmhaítear i gcomhréir le cód iompair an Aontais le haghaidh taighde eisitheoir-urraithe.

Sonraítear leis na caighdeáin theicniúla rialála an fhaisnéis ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a fháil agus taighde eisitheoir-urraithe á úsáid acu nó á sholáthar acu dá gcliaint,

1 Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (athmhúnlú) (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349. ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/65/oj).

2 Treoir (AE) 2021/338 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2021 lena leasaítear Treoir 2014/65/AE a mhéid a bhaineann le ceanglais faisnéise, rialachas táirgí agus teorainneacha suímh, agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/878 a mhéid a bhaineann lena gcur i bhfeidhm maidir le gnólachtaí infheistíochta, chun cabhrú leis an téarnamh ó ghéarchéim COVID-19 (IO L 68, 26.2.2021, lch. 14. ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2021/338/oj).

3 Treoir (AE) 2024/2811 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Treoir 2014/65/AE chun margaí caipitil poiblí san Aontas a dhéanamh níos tarraingtí do chuideachtaí agus chun rochtain ar chaipiteal a éascú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/34/CE (IO L, 2024/2811, 14.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/2811/oj).

4 ESMA35-335435667-5921 - Páipéar Comhairliúcháin maidir leis an gCaighdeán Teicniúil Rialála i ndáil leis an gCód Iompair le haghaidh taighde eisitheoir-urraithe

ionas gur féidir leo measúnú a dhéanamh ar an taighde sin. Ní mór an méid seo a leanas, go háirithe, a chumhdach leis an bhfaisnéis agus leis an measúnú sin:

- bearta agus socruithe eagraíochtúla arna gcur i bhfeidhm ag soláthraithe taighde eisitheoir-urraithe chun a áirithiú go ndéantar coinbhleachtaí leasa a bhainistiú go cuí agus go bhfuil neamhspleáchas agus oibiachtúlacht leormhaith i gceist i dtáirgeadh an taighde eisitheoir-urraithe, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le taighde nach bhfuil eisitheoir-urraithe;
- faisnéis maidir le cé acu a íocann an t-eisitheoir go páirteach nó go hiomlán as an taighde eisitheoir-urraithe agus an céatadán ioncaim a ghineann an taighde dá sholáthraí;
- faisnéis faoin gcaidreamh idir an t-eisitheoir agus soláthraí an taighde eisitheoir-urraithe, agus faoina fhad, lena n-áirítear coinníollacha foirceanta agus luach saothair;
- faisnéis maidir le cé acu a dhéantar nó nach ndéantar an taighde eisitheoir-urraithe a chur ar fáil don phobal;
- faisnéis maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an lipéad ceart ar thaighde eisitheoir-urraithe arna ullmhú i gcomhréir le cód iompair an Aontais.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Rinne ESMA comhairliúchán poiblí maidir le hábhar cóid iompair de chuid an Aontais le haghaidh taighde eisitheoir-urraithe[5], agus aon chód iompair náisiúnta atá ann cheana le haghaidh taighde eisitheoir-urraithe á chur san áireamh. Chuige sin, shainaithin ESMA cód iompair aonair atá ann cheana a forbraíodh sa Fhrainc faoin ainm 'Cairt um dhea-chleachtais maidir le taighde urraithe'.

Bhí an comhairliúchán ar siúl ón 18 Nollaig 2024 go dtí an 18 Márta 2025. Fuair ESMA 30 freagra san iomlán. An 22 Deireadh Fómhair 2025, chuir ESMA a thuarascáil chríochnaitheach maidir leis na caighdeáin theicniúla rialála faoi bhráid an Choimisiúin chun cód iompair de chuid an Aontais a bhunú le haghaidh taighde eisitheoir-urraithe [6]. Rinne ESMA anailís ar chostais agus tairbhí freisin, a cuimsíodh sa tuarascáil chríochnaitheach in éineacht le toradh na ngníomhaíochtaí comhairliúcháin.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

- Tugtar isteach le hAirteagal 1 sainmhínithe nua ar 'thaighde eisitheoir-urraithe', 'anailísí taighde' agus 'soláthraí taighde'.
- Airteagal 2:
    - (i) leagtar amach an oibleagáid atá ar ghnólacht infheistíochta faisnéis a fháil chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht taighde arna lipéadú mar thaighde eisitheoir-urraithe le cód iompair an Aontais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo;
    - (ii) cuirtear toirmeasc ar ghnólachtaí infheistíochta taighde arna lipéadú mar thaighde eisitheoir-urraithe a dháileadh mura bhfaigheann siad an fhaisnéis is

[5] ESMA35-335435667-5921 - Páipéar Comhairliúcháin maidir leis an gCaighdeán Teicniúil Rialála i ndáil leis an gCód Iompair le haghaidh taighde eisitheoir-urraithe

[6] ESMA35-335435667-6537 Tuarascáil Chríochnaitheach maidir le Dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun cód iompair de chuid an Aontais a bhunú le haghaidh taighde eisitheoir-urraithe

gá chun measúnú a dhéanamh ar a chomhlíontacht le cód iompair an Aontais le haghaidh taighde eisitheoir-urraithe;

(iii) sonraítear conas a fhéadfaidh gnólachtaí infheistíochta measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht an taighde eisitheoir-urraithe le cód iompair an Aontais, agus iad ag brath ar thríú páirtí.

- Luaitear in Airteagal 3 cathain a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm agus cathain a thosóidh sé d'fheidhm a bheith aige.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 21.5.2026**

**lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála chun cód iompair de chuid an Aontais a bhunú le haghaidh taighde eisitheoir-urraithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE[7], agus go háirithe Airteagal 24(3c) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun a áirithiú go n-aithneofar an lipéad taighde eisitheoir-urraithe agus iontaofacht an taighde eisitheoir-urraithe, tugtar isteach le cód iompair an Aontais le haghaidh taighde eisitheoir-urraithe sainmhíniú comhchuibhithe ar thaighde eisitheoir-urraithe, lena dteorannaítear úsáid an lipéid sin don taighde infheistíochta as ar íoc an chuideachta lena mbaineann go hiomlán nó go páirteach agus a chomhlíonann cód iompair an Aontais le haghaidh taighde eisitheoir-urraithe. Eisiatar ón sainmhíniú aon tráchtaireacht trádála agus seirbhísí comhairleacha trádála saincheaptha eile a bhfuil dlúthbhaint acu le hidirbheart a fhorghníomhú in ionstraimí airgeadais toisc nach moladh infheistíochta iad mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (35), de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8].

(2) Chun a áirithiú go gcuirfear i láthair le taighde eisitheoir-urraithe moladh neamhspleách, oibiachtúil agus iontaofa maidir le luach nó praghas ionstraimí airgeadais, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta, a úsáideann taighde eisitheoir-urraithe nó a sholáthraíonn dá gcliaint é, a áirithiú go dtáirgtear an taighde sin i gcomhréir le cód iompair an Aontais le haghaidh taighde eisitheoir-urraithe. Agus an méid sin á dhéanamh acu, ba cheart dóibh a mheas cé acu a dhéantar nó nach ndéantar na coinbhleachtaí leasa idir an t-eisitheoir a íocann as an taighde agus soláthraí an taighde eisitheoir-urraithe a bhainistiú go héifeachtach agus cé acu a dhéanann nó nach ndéanann siad dochar do leasanna infheisteoirí. Go háirithe, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a sheiceáil cé acu atá nó nach bhfuil beartas coinbhleachta leasa ag soláthraí an taighde eisitheoir-urraithe lena gcuirtear ar a chumas dó coinbhleachtaí leasa a shainaithint, a chosc, a bhainistiú agus a nochtadh go héifeachtach.

---

7 IO L 173, 12.6.2014, lch. 349. ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/65/oj

8 Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le drochúsáid mhargaidh (an rialachán maidir le drochúsáid mhargaidh) agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoracha 2003/124/CE, 2003/125/CE agus 2004/72/CE ón gCoimisiún (IO L 173, 12.6.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/596/oj)

(3) Tá muinín as cáilíocht agus oibiachtúlacht an taighde eisitheoir-urraithe fíor-riachtanach chun cumhdach taighde cuideachtaí a athbheochan, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna). Chun a áirithiú gur féidir le hinfheisteoirí muinín a chothú as taighde eisitheoir-urraithe arna lipéadú go cuí, níor cheart do ghnólachtaí infheistíochta taighde eisitheoir-urraithe a úsáid ná a dháileadh ar a gcliaint nach féidir leo measúnú a dhéanamh ar a cháilíocht. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta a sheiceáil go bhfuil socruithe eagraíochtúla leormhaithe i bhfeidhm ag soláthraí an taighde eisitheoir-urraithe, socruithe atá coibhéiseach leis na socruithe a bhfuil gá leo le haghaidh taighde faoi Rialachán Tarmligthe 2017/565 ón gCoimisiún[9]. Chun nach mbeidh tionchar diúltach ar cháilíocht an taighde toisc gur taighde urraithe é, ba cheart an caidreamh idir an t-anailísí taighde, an soláthraí taighde agus an t-eisitheoir a shonrú go soiléir agus a bheith trédhearcach d'úsáideoirí an taighde.

(4) Chun gur féidir solúbthacht a bheith ann maidir leis an gcaoi a ndéanann gnólachtaí infheistíochta measúnú ar thaighde eisitheoir-urraithe, féadfaidh na gnólachtaí infheistíochta brath ar thuairim ó thríú páirtí neamhspleách, lena n-áirítear iniúchóir seachtrach, maidir le cé acu a táirgeadh nó nár táirgeadh an taighde eisitheoir-urraithe i gcomhréir le cód iompair an Aontais. Chun an próiseas comhlíontachta a shimpliú, féadfaidh gnólachtaí infheistíochta stádas rialáilte sholáthraí an taighde eisitheoir-urraithe a chur san áireamh i gcás inar gnólacht infheistíochta é atá údaraithe faoi Threoir 2014/65/AE agus a chomhlíonann an Rialachán seo agus an taighde eisitheoir-urraithe á tháirgeadh aige. I ngach cás, is iad na gnólachtaí infheistíochta atá freagrach i gcónaí as a áirithiú go gcomhlíontar a n-oibleagáidí faoi Airteagal 24(3a), 24(3b) agus 24(3e) de Threoir 2014/65/AE.

(5) Chun feabhas a chur ar chumhdach taighde FBManna, ba cheart don soláthraí taighde an taighde eisitheoir-urraithe agus aon nuashonrú tar éis teagmhas ábhartha a bhfuil tionchar aige ar an eisitheoir a chur ar fáil do gach infheisteoir, i gcás ina n-íocann an t-eisitheoir go hiomlán as an taighde. Féadfar an taighde a n-íocann an t-eisitheoir as go páirteach a fhorchoimeád do na hinfheisteoirí a rinne ranníocaíocht as an taighde sin, ar feadh tréimhse éiginnte nó ar feadh tréimhse arna comhaontú go conarthach idir soláthraí an taighde eisitheoir-urraithe agus an t-eisitheoir.

(6) Chun sláine na margaí airgeadais san Aontas a áirithiú agus chun feabhas a chur ar chosaint infheisteoirí agus muinín sna margaí sin, ba cheart a shonrú go mbíonn moltaí infheistíochta i dtaighde eisitheoir-urraithe, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (35), de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10]. Dá bhrí sin, ba cheart an taighde a bheith i gcomhréir leis na ceanglais maidir le moltaí infheistíochta a leagtar síos sa Rialachán sin agus i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/958 ón gCoimisiún a chomhlíonadh[11]. Go háirithe, maidir leis an oibleagáid atá ar na daoine a tháirgeann nó a scaipeann moltaí infheistíochta moltaí

---

9 Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2016 lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais eagraíochtúla agus coinníollacha oibriúcháin do ghnólachtaí infheistíochta agus téarmaí sainithe chun críocha na Treorach sin (IO L 87, 31.3.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/565/oj).

10 Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le drochúsáid mhargaidh (an rialachán maidir le drochúsáid mhargaidh) agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoracha 2003/124/CE, 2003/125/CE agus 2004/72/CE ón gCoimisiún (IO L 173, 12.6.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/596/oj).

11 Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/958 ón gCoimisiún an 9 Márta 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála le haghaidh na socruithe teicniúla chun moltaí infheistíochta nó faisnéis eile lena moltar nó lena gcomhairlítear straitéis infheistíochta a chur i láthair go hoibiachtúil agus chun leasanna áirithe nó tásca coinbhleachtaí leasa a nochtadh (IO L 160, 17.6.2016, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2016/958/oj).

a chur i láthair go hoibiachtúil agus coinbhleacht leasa a nochtadh a bhaineann leis na hionstraimí airgeadais lena mbaineann an moladh, ba cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid sin freisin i gcomhthéacs taighde eisitheoir-urraithe, i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 596/2014.

(7) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) faoi bhráid an Choimisiúin. Mheas ESMA, i gcomhréir lena shainordú, ábhar agus paraiméadair chód iompair na Fraince le haghaidh taighde eisitheoir-urraithe, cód iompair a shainaithin ESMA mar an t-aon chód iompair a fhormhuinítear go forleathan agus a gcloítear go forleathan leis, ar an leibhéal náisiúnta.

(8) Rinne ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú faoi Airteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010[12],

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'taighde eisitheoir-urraithe' taighde a n-íocann eisitheoir as, go hiomlán nó go páirteach, agus a tháirgtear i gcomhréir le cód iompair an Aontais a bhunaítear leis an Rialachán seo, dá dtagraítear in Airteagal 24(3b) de Threoir 2014/65/AE;

(2) ciallaíonn 'anailísí taighde' duine a tháirgeann bunábhar an taighde eisitheoir-urraithe;

(3) ciallaíonn 'soláthraí taighde' eintiteas a tháirgeann taighde eisitheoir-urraithe.

*Airteagal 2*

**Measúnú ar chomhlíontacht an taighde eisitheoir-urraithe le cód iompair an Aontais**

1. Gheobhaidh gnólachtaí infheistíochta ó sholáthraithe taighde an fhaisnéis uile is gá chun measúnú a dhéanamh i dtaobh cé acu is i gcomhréir le cód iompair an Aontais a leagtar amach san Iarscríbhinn a tháirgtear taighde arna lipéadú mar 'thaighde eisitheoir-urraithe' nó nach ea.

2. I gcás nach bhfuil a dhóthain faisnéise ag gnólacht infheistíochta chun a áirithiú go dtáirgtear an taighde arna lipéadú mar thaighde eisitheoir-urraithe i gcomhréir le cód iompair an Aontais le haghaidh taighde eisitheoir-urraithe, ní dháilfidh an gnólacht infheistíochta an taighde ar chliaint ná ar chliaint ionchasacha agus an lipéad 'taighde eisitheoir-urraithe' air.

3. Chun a áirithiú go dtáirgfear taighde eisitheoir-urraithe i gcomhréir le cód iompair an Aontais le haghaidh taighde eisitheoir-urraithe, féadfaidh gnólacht infheistíochta an méid seo a leanas a chur san áireamh:

---

[12] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj).

(a) measúnú agus tuairim aon tríú páirtí neamhspleách arna cheapadh ag an soláthraí taighde; nó

(b) i gcás inar gnólacht infheistíochta é an soláthraí taighde a tháirgeann taighde eisitheoir-urraithe, gur eintiteas rialáilte é an gnólacht infheistíochta atá faoi réir an Rialacháin seo.

I ngach cás, is é an gnólacht infheistíochta atá freagrach i gcónaí as a oibleagáidí faoi Airteagal 24(3a), (3b) agus (3e) de Threoir 2014/65/AE a chomhlíonadh.

*Airteagal 3*
**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21.5.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*